Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2022
(OR. en)**

**9979/22**

**LIMITE**

**POLCOM 50
SERVICES 4
WTO 114**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0174(NLE)**

PUBLIC

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 257 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, comhaontú maidir le sceidil de cheangaltais shonracha faoin gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí a mhodhnú chun Iarscríbhinn 1 den Dearbhú maidir le tabhairt i gcrích na Caibidlíochta maidir le Rialáil Intíre Seirbhísí an 2 Nollaig 2021 a ionchorprú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 257 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 257 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

PUBLIC

An Bhruiséil, 7.6.2022
COM(2022) 257 final

2022/0174 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, comhaontú maidir le sceidil de cheangaltais shonracha faoin gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí a mhodhnú chun Iarscríbhinn 1 den Dearbhú maidir le tabhairt i gcrích na Caibidlíochta maidir le Rialáil Intíre Seirbhísí an 2 Nollaig 2021 a ionchorprú**

PUBLIC

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá sainordú ionsuite in Airteagal VI den Chomhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS) chun na disciplíní is gá a fhorbairt d'fhonn a áirithiú nach mbeidh na bearta a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta cáilithe, caighdeáin theicniúla agus ceanglais cheadúnúcháin ina mbacainní neamhriachtanacha ar thrádáil seirbhísí. Tá Comhaltaí na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) i mbun caibidlíochta le blianta fada anuas i ndáil le disciplíní rialála intíre den sórt sin agus ó 1999 ar aghaidh, rinneadh an chaibidlíocht sin sa Mheitheal um Rialáil Intíre. Ní raibh de thoradh ar an gcaibidlíocht iltaobhach atá bunaithe ar an sainordú seo go fóill go raibh comhaontú ann idir comhaltaí uile EDT, in ainneoin iarrachtaí chun an chaibidlíocht a athbheochan roimh an 11ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (CA11) in Buenos Aires.

Dá bhrí sin, d'eisigh grúpa de 59 gComhalta na hEagraíocht Domhanda Trádála, lena n-áirítear an tAontas Eorpach, Ráiteas Comhpháirteach Aireachta maidir le Rialáil Intíre Seirbhísí[1]. Leis an ráiteas sin, d'athdhearbhaigh na hAirí go bhfuil siad tiomanta don chaibidlíocht maidir le rialáil intíre seirbhísí a chur chun cinn agus d'iarr siad ar Chomhaltaí uile na hEagraíochta Domhanda Trádála dlús a chur leis an obair tar éis-MC11 chun an chaibidlíocht ar na disciplíní maidir le rialáil intíre a thabhairt chun críche.

I mí na Bealtaine 2019, eisíodh Comhráiteas nua, inar dhíol sásaimh d'Airí 59 gComhaltaí EDT an dul chun cinn a rinneadh sa chaibidlíocht ó MC11 agus thug siad gealltanas leanúint den obair ar na saincheisteanna atá fós gan réiteach d'fhonn toradh na hoibre a chur san áireamh ina sceidil faoi seach maidir le ceangaltais shonracha ón 12 Comhdháil Aireachta[2].

Tugadh an chaibidlíocht maidir leis an Tionscnamh Comhráiteas sin chun críche go rathúil an 2 Nollaig 2021 agus mar thoradh air sin bhí Páipéar Tagartha Rialáil Intíre Seirbhísí ('an Páipéar Tagartha')[3]. I nDearbhú maidir le tabhairt i gcrích na Caibidlíochta maidir le Rialáil Intíre Seirbhísí a eisíodh ar an 2 Nollaig 2021 ('an Dearbhú')[4], thug 67 gComhalta EDT dá n-aire conclúid na caibidlíochta ar an bPáipéar Tagartha arb é atá in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Dearbhú. Ba dhíol sásaimh dóibh freisin Sceidil de Cheangaltais Shonracha a tíolacadh mar rannchuidiú uathu chun bailchríoch a chur ar an gcaibidlíocht. Is iad na 67 gcomhalta EDT sin is cúis le níos mó ná 90 % den trádáil dhomhanda seirbhísí.

I gcomhréir le Roinn 1 den Pháipéar Tagartha, dhearbhaigh rannpháirtithe an Dearbhaithe go raibh sé ar intinn acu na disciplíní a ionchorprú sa Pháipéar Tagartha (atá in Iarscríbhinn 1 den Dearbhú) mar cheangaltais bhreise ina Sceidil GATS. Faoi réir aon nósanna imeachta intíre riachtanacha a chomhlíonadh, tá sé d'aidhm ag na rannpháirtithe a Sceidil de Cheangaltais Shonracha a chur isteach lena ndeimhniú, i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta maidir le Deimhniúchán Ceartúcháin nó Feabhsúcháin a ghabhann le Sceidil de Cheangaltais Shonracha[5], laistigh de dhá mhí dhéag ó dháta an Dearbhaithe. Tríd an deimhniú, tabharfaidh na rannpháirtithe éifeacht dhlíthiúil do dhisciplíní Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Dearbhú

---

1 WT/MIN(17)/61 an 13 Nollaig 2017
2 WT/L/1059 an 23 Bealtaine 2019
3 INF/SDR/2 an 26 Samhain 2021, atá i gceangal le WT/L/1129 mar Iarscríbhinn 1
4 WT/L/1129 an Déardaoin 2 Nollaig 2021
5 S/L/84 an 14 Aibreán 2000

trína n-ionchorprú mar ghealltanais bhreise ina sceideal de cheangaltais shonracha faoi GATS.

Tá sé d'aidhm ag an togra seo ón gCoimisiún le haghaidh cinneadh ón gComhairle an comhaontú maidir le modhnú ar Sceideal GATS an Aontais a thabhairt i gcrích go foirmiúil d'fhonn disciplíní an Pháipéir Tagartha (Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Dearbhú) a ionchorprú, i gcomhréir le hAirteagal 218(6) CFAE. Ba cheart na modhnuithe ar Sceideal GATS an Aontais a dhéanamh i gcomhréir le Sceideal Réamh-Chríochnaithe de Cheangaltais Shonracha[6].

PUBLIC

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Rinneadh an chaibidlíocht i ndlúthchomhairle le an Coiste um an mBeartas Trádála Seirbhísí agus Infheistíocht dá bhforáiltear le hAirteagal 218(3). Tá tabhairt i gcrích fhoirmiúil na caibidlíochta ag an gComhairle ar cheann de na céimeanna is gá faoi Airteagal 218(6) chun éifeacht dhlíthiúil a thabhairt don toradh caibidlithe agus chun tús a chur le modhnú Sceideal an Aontais de Cheangaltais Shonracha.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an comhaontú seo go hiomlán i gcomhréir le beartais an Aontais Eorpaigh. Tugann an comhaontú cosaint iomlán do sheirbhísí poiblí agus níl aon tionchar aige ar cheart rialála na rialtas ar mhaithe le leas an phobail.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tabharfaidh an tAontas Eorpach an comhaontú i gcrích de bhun cinneadh ón gComhairle atá bunaithe ar Airteagal 218(6) CFAE, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

De réir Airteagal 5(3) de CAE, ní bhíonn feidhm ag prionsabal na coimhdeachta sna réimsí sin ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas Eorpach.

- **Comhréireacht**

Ní théann an togra chun an comhaontú a thabhairt i gcrích thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir a bhaint amach maidir le ceangaltais bhreise a ghlacadh faoi GATS le haghaidh rialáil intíre thar ceann an Aontais Eorpaigh.

- **An rogha ionstraime**

Cuirtear an togra seo le haghaidh cinneadh ón gComhairle isteach i gcomhréir le mír 6 d'Airteagal 218 CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar an comhaontú a thabhairt i gcrích. Dealraíonn sé gurb é sin an ionstraim dlí is iomchuí chun an cuspóir a léirítear sa togra seo a bhaint amach

[6] INF/SDR/IDS/AE/Rev.1.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl an comhaontú faoi réir nósanna imeachta REFIT.

- **Cearta bunúsacha**

Ní dhéanann an togra difear do chosaint ceart bunúsach laistigh den Aontas Eorpach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níltear ag súil go mbeidh tionchar airgeadais ag an gcomhaontú ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Cheadódh an comhaontú go n-ionchorprófaí na disciplíní in Iarscríbhinn 1 den Dearbhú sa Sceideal GATS is infheidhme ar chríoch an Aontais Eorpaigh.

PUBLIC

2022/0174 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, comhaontú maidir le sceidil de cheangaltais shonracha faoin gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí a mhodhnú chun Iarscríbhinn 1 den Dearbhú maidir le tabhairt i gcrích na Caibidlíochta maidir le Rialáil Intíre Seirbhísí an 2 Nollaig 2021 a ionchorprú**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 91, 100(2) agus 207, i gcomhar le pointe (v) d'Airteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[7],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ag an 11ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála, d'eisigh grúpa de 59 gComhalta EDT, lena n-áirítear an tAontas Eorpach, Ráiteas Comhpháirteach Aireachta maidir le Rialáil Intíre Seirbhísí lenar sheol siad tionscnamh iltaobhach chun caibidlíocht a dhéanamh ar dhisciplíní ar rialáil seirbhísí intíre.

(2) Tá caibidlíocht déanta ag an gCoimisiún i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú faoi Airteagal 207(3) den Chonradh. Mhéadaigh líon na rannpháirtithe sa Tionscnamh Comhráiteas iltaobhach sin go 67 gComhalta EDT le himeacht ama.

(3) An 2 Nollaig 2021, d'eisigh na rannpháirtithe sa chaibidlíocht sin Dearbhú maidir le tabhairt i gcrích na Caibidlíochta maidir le Rialáil Intíre Seirbhísí ('an Dearbhú'), lenar fógraíodh gur tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil. Thug na rannpháirtithe dá n-aire gur tugadh an chaibidlíocht i gcrích maidir leis an bPáipéar Tagartha maidir le Rialáil Intíre Seirbhísí[8] ('an Páipéar Tagartha'), arb é atá in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Dearbhú. Ba dhíol sásaimh dóibh freisin sceidil de Cheangaltais Shonracha[9] a thíolaic Comhaltaí mar rannchuidiú uathu chun bailchríoch a chur ar an gcaibidlíocht agus arb iad atá in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Dearbhú.

(4) Tá sé beartaithe ag rannpháirtithe an Dearbhaithe na disciplíní sa Pháipéar Tagartha (Iarscríbhinn 1) a ionchorprú mar cheangaltais bhreise ina Sceidil GATS, i gcomhréir le Roinn 1 den Pháipéar Tagartha. I gcomhréir le mír 5 den Dearbhú, tá sé d'aidhm ag na Rannpháirtithe a Sceidil de Cheangaltais Shonracha a chur isteach lena ndeimhniú, de bhun na Nósanna Imeachta maidir le Deimhniúchán Ceartúcháin nó Feabhsúcháin a ghabhann le Sceidil de Cheangaltais Shonracha[10], laistigh de dhá mhí dhéag ó dháta an Dearbhaithe, faoi réir aon nós imeachta intíre is gá a chur i gcrích.

---

7 IO C,……

8 Doiciméad EDT INF/SDR/2, atá i gceangal leis an Dearbhú mar Iarscríbhinn 1.

9 Doiciméad EDT INF/SDR/3, atá i gceangal leis an Dearbhú mar Iarscríbhinn 2.

10 Doiciméad EDT S/L/84.

(5) Ba cheart an comhaontú chun na disciplíní in Iarscríbhinn 1 a ionchorprú mar cheangaltais bhreise i sceideal GATS an Aontais a fhormheas thar ceann an Aontais.

(6) I gcomhréir leis an Dearbhú, ba cheart don Aontas na modhnuithe is gá ar Sceideal GATS an Aontais a chur faoi bhráid EDT, mar a leagtar amach i Sceideal Réamh-Chríochnaithe an Aontais de Cheangaltais Shonracha INF/SDR/IDS/AE/Rev. 1,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais Eorpaigh, ionchorprú na ndisciplíní in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Dearbhú maidir le tabhairt i gcrích na Caibidlíochta maidir le Rialáil Intíre Seirbhísí i Sceideal GATS an Aontais Eorpaigh mar a leagtar amach in INF/SDR/IDS/AE/Rev.1.

Tá téacs an Dearbhaithe agus Sceideal Réamh-Chríochnaithe an Aontais Eorpaigh de Cheangaltais Shonracha i gceangal leis an gcinneadh seo.

*Airteagal 2*

Údaraítear leis seo don Choimisiún a chur faoi bhráid na hEagraíochta Domhanda Trádála na modhnuithe is gá ar Sceideal GATS an Aontais Eorpaigh, mar atá leagtha amach i Sceideal Réamh-Chríochnaithe an Aontais Eorpaigh de Cheangaltais Shonracha INF/SDR/IDS/AE/Rev.1.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha agus foilseofar é in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC